# Polasaí Úsáide Inghlactha don Idirlíon
# Bealtaine 2020

## Aidhm

Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha seo ná a chinntiú go mbainfidh daltaí Ghaelscoil Uí Fhiaich tairbhe as deiseanna foghlama a thugann acmhainní Idirlín na scoile dóibh, ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Is acmhainn agus pribhléid scoile é an t-idirlíon a bheith ar fáil, agus é a úsáid. Mar sin, mura gcloítear le Polasaí Úsáide Inghlactha [PUI] na scoile, caillfear an pribhléid, agus cuirfear píonóis chuí- mar atá leagtha amach sa PUI – i bhfeidhm.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh an scoil agus ionadaithe na dtuismitheoirí athbhreithniú ar an PUI gach bliain. Sula síníonn éinne an doiciméad, ba chóir é a léamh go cúramach le bheith cinnte go dtuigtear agus go nglactar leis na coinníollacha úsáide.

## Straitéis na Scoile

Tá go leor straitéisí ag Gaelscoil Uí Fhiaich chun na deiseanna foghlama is fearr a chur ar fáil, agus chun baol a laghdú ar an Idirlíon. Seo a leanas na straitéisí sin:

### Ginearálta:

- Beidh múinteoir i gcónaí i bhfeighil ar sheisiúin idirlín.
- Bainfear úsáid as bogearraí scagtha, nó a leithéid(í), chun aon bhaol, go gcuirfí ábhar míchuí os comhair na ndaltaí, a laghdú.
- Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar an úsáid a bhaineann daltaí as an Idirlíon.
- Tabharfar oiliúint do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábhailteacht ar an Idirlíon.
- Ní cheadófar uaslódáil ná íoslódáil a dhéanamh ar bhogearraí neamhfhaofa.
- Bainfear úsáid as bogearraí um chosaint ar víris, agus déanfar uasdhátú air go rialta.
- Caithfidh an comhordaitheoir TFC [Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide] agus an Príomhoide  cead a thabhairt méaróga cuimhne pearsanta, CD-ROManna, nó meáin dhigiteacha stórála eile, a úsáid. Ní mór d'ionadaithe múinteoireachta agus múinteoirí/teagascóirí eile a thugann cuairt ar an scoil, a chinntiú le duine de na baill foirne thuasluaite an féidir aon ghléasanna cuimhne seachtracha a úsáid.
- Léireoidh daltaí meas ar dhaoine eile i gcónaí, agus ní dhéanfaidh siad aon rud a tharraingeodh droch-chlú ar an scoil.

## An Gréasán Domhanda

- Ní rachaidh daltaí, d'aon ghnó, ar shuíomhanna Idirlín ar a bhfuil ábhair gháirsiúla, neamhdhleathacha, gránna nó déistineach ar bhealach éigin.
- Cuirfidh daltaí, aon rochtain, a tharlaíonn de thimpiste, ar ábhair mhíchuí, in iúl don scoil, faoi réir ag nósanna imeachta na scoile.
- Bainfidh daltaí úsáid as an Idirlíon ar chúiseanna oideachasúla amháin.
- Ní dhéanfaidh daltaí eolas a chóipeáil dá dtascanna gan aitheantas a thabhairt don fhoinse (bradaíl agus sárú cóipchirt).
- Ní nochtfaidh daltaí riamh, ná ní dhéanfaidh siad poibliú ar eolas pearsanta.
- Déanann íoslódáil ar ábhair nó ar íomhánna, nach mbaineanna lena gcuid staidéir, sárú díreach ar pholasaí úsáide inghlactha na scoile.
- Ba chóir go dtuigfeadh daltaí gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar aon úsáid a dhéantar ar an Idirlíon, eolais a fháil nó á chur timpeall, ag baint le cúrsaí scoile nó pearsanta, féachaint an bhfuil aon rud neamhghnách ar siúl, cúiseanna slándála agus/nó cúiseanna a bhaineann le bainistíocht gréasáin.

## Ríomhphost

- Bainfidh daltaí úsáid as cuntais ríomhphoist ranga faofa faoi stiúir nó le cead an mhúinteora.
- Ní chuirfidh nó ní ghlacfaidh daltaí le haon ábhar neamhdhleathach, gairsiúil, clúmhillteach, nó a bhfuil sé i gceist aige cur isteach nó imeaglú a dhéanamh ar dhuine eile.
- Ní nochtfaidh daltaí a gcuid eolais pearsanta féin, ná eolas pearsanta dhaoine eile, ar nós: seoltaí, uimhreacha gutháin ná pictiúir.
- Ní dhéanfaidh daltaí, riamh, coinne bualadh le duine, nach bhfuil aithne acu air/uirthi ach trí ríomhphoist nó ar an Idirlíon.
- Tabharfaidh daltaí faoi deara nach féidir ceanglatáin ríomhphoist a chur nó a fháil gan chead ón múinteoir.

## Comhrá ar an Idirlíon

- Ní bheidh fáil ag daltaí ach ar sheomraí comhrá, fóraim phlé, fóraim chun teachtaireachtaí, nó cumarsáid leictreonach eile a chur, a bhfuil faomhadh déanta ag an scoil orthu.
- Ní bhainfear úsáid as seomraí comhrá, fóraim phle, fóraim chun teachtaireachtaí nó cumarsáid leictreonach eile a chur, ach ar chúiseanna oideachasúla amháin, agus déanfar feitheoireacht orthu i gcónaí.
- Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideora chun nochtadh aitheantais a sheachaint.

## Suíomh Gréasáin na Scoile

- Tabharfar seans do dhaltaí tionscadail, obair ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an nGréasán Domhanda, i gcomhréir le polasaithe soiléire agus próisis faofa maidir leis an méid gur féidir a lódáil ar shuíomh gréasáin na scoile ag www.gaelscoiluifhiaich.ie

- Déanfar seiceáil rialta ar an ngréasán le cinntiú nach bhfuil aon ábhar air a chuirfeadh sábháilteacht na ndaltaí nó an fhoireann i mbaol.
- Déanfar seiceáil rialta ar áiseanna a bhaineann le húsáid an idirlín, ar nós, leabhair chuairteoirí, cláir fógraí nó lógónna gréasáin, le cinntiú nach bhfuil aon sonraí pearsanta iontu.
- Déanfaidh múinteoir comhordú ar fhoilsiú obair dhaltaí.
- Beidh obair dhaltaí le feiceáil, i gcomhthéacs oideachasúil, ar leathanaigh gréasáin, le fógra cóipchirt, a chuireann cosc ar chóipeáil a dhéanamh ar an obair seo gan cead scríofa.
- Déanfaidh an scoil iarracht pictiúir dhigiteacha, gearrthóga fuaime agus físe a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí grúpa, a úsáid. Ní fhoilseofar ábhar a dhíríonn ar dhaltaí indibhidiúla ar ghréasán na scoile, gan cead a fháil ó thuismitheoirí/caomhnóirí. Ach foilseofar pictiúir, gearrthóga fuaime agus físe. Is féidir gearrthóga físe a chosaint le pasfhocal.
- Fágfar eolas pearsanta ar dhaltaí, ar nós, seoladh baile agus sonraí teagmhála, amach as leathanaigh gréasáin na scoile.
- Ní fhoilseoidh suíomh gréasáin na scoile céad-ainm agus sloinne daoine indibhidiúla i bpictiúr.
- Cinnteoidh an scoil go dtugtar ainm cuí ar chomhaid íomhánna – ní úsáidfear ainmneacha daltaí in ainmneacha comhaid íomhánna, nó clibeanna ALT má fhoilsítear ar an ngréasán é.
- Is leis na daltaí an cóipcheart ar aon obair a fhoilsítear, agus leanfaidh sé seo.

## Reachtaíocht

- Cuirfidh an scoil eolas ar fáil faoin reachtaíocht seo a leanas a bhaineann le húsáid an idirlín, ar chóir do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí iad féin a chur ar an eolas ina leith:
  - An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003
  - An tAcht Frith-Ghainneála agus Frith-Phornagrafaíochta Leanaí 1998
  - An tAcht Idircheaptha 1993
  - An tAcht um Thaifead Físe 1989
  - An tAcht um Chosaint Sonraí 1988

## Twitter

Is iad Tracey Ní Chearáin agus Deirdre Ní Ghallchóir na riarthóirí ainmnithe do chuntas *Twitter* na scoile @guifhiaich.
Is féidir le gach múinteoir ranga príomhshrutha cuntas ranga *Twitter* a bheith acu i nGaelscoil Uí Fhiaich.
Tá sé tábhachtach a nótáil nár chóir fóram *Twitter* a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an scoil – ba chóir seoladh ríomhphoist na scoile oifig@gaelscoiluifhiaich.ie a úsáid mar mhodh ar líne le teagmháil a dhéanamh leis an scoil.

Is é an cuspóir atá le cuntas *Twitter* scoile ná:

- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le himeachtaí agus gníomhaíochtaí áirithe
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí nua
- Cumarsáid a dhéanamh le pobal níos leithne maidir le dea-fhógraíocht don scoil agus dátaí cláraithe

- Cumarsáid le pobal níos leithne ar shaol na scoile, trí chumarsáid ar thurais, imeachtaí spóirt, pictiúir de thionscadail dhaltaí, cláir fógraí, obair ealaíne 7rl
- Cumarsáid ar nuacht na scoile
- Dul chun cinn leanúnach a dhéanamh ar chóras cumarsáide na scoile agus eolas á roinnt trí nótaí páipéir, ríomhphoist, suíomh gréasáin agus anois na meáin shóisialta
- Roinnt, cumarsáid agus nascadh le scoileanna eile in Éirinn agus go domhanda.

## Físchomhdháil

- Is timpeallacht múineadh agus foghlaim é an Fhíschomhdháil agus mar sin tá gnáth rialacha iompar an tseomra ranga agus na scoile i bhfeidhm.
- Is an múinteoir amháin a bhéas i gceannas ar reachtáil na cruinnithe agus beidh smacht aici ar gach gné de, tús agus deireadh na cruinnithe, aon fheidhm cainte téacs agus araille.
- Roghnófar ardán físchomhdhála in a bhfuil an múinteoir in ann fuaimm, fís cheamara agus aon fheidhm chomhrá scríofa a mhúchadh
- Roghnófar ardán físchomhdháil in ar féidir seomra feitheamh agus pasfhocal a úsáid.
- Roinnfear an pasfhocal sin le tuismitheoirí amháin.
- Tríd páirt a ghlacadh in gcruinnithe físchomhdála glacann tuismitheoirí agus daltaí le Polasaí Úsáide Inghlactha don Idirlíon na scoile.
- Tá tuismitheoirí freagrach as a leanbh agus an leanbh ag úsáid an idirlín mar uirlis le haghaidh cianfhoghlama.
- Tá cosc ar thuismitheoirí / mhic léinn ranganna ar líne a thaifeadadh.

## Timpeallachtaí Foghlama ar líne

- Is timpeallacht teagaisc agus foghlama é an Timpeallacht Foghlama ar líne agus mar sin tá gnáth rialacha iompar an tseomra ranga agus na scoile i bhfeidhm.
- Beidh smacht iomlán ag an múinteoir ar gach gné den Timpeallacht Foghlama ar líne.
- Úsáidfidh an múinteoir gnéithe cuí den timpeallacht agus múchfaidh sé gnéithe nach n-oireann.
- Tríd úsáid a bhaint as Timpeallacht Foghlama ar líne, glacann daltaí agus tuismitheoirí le Polasaí Úsáide Inghlactha don Idirlíon na scoile.

## Struchtúir Tacaíochta

Cuirfidh an scoil daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir leis na príomhstrúchtúir tacaíochta, agus na heagraíochtaí, a phléann le hábhar neamhdhleathach nó úsáid dháinséarach an idirlín.

## Píonóis

D'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid an idirlín, ina measc; rabhaidh scríofa, cailleadh pribhléidí rochtana, agus i gcásanna tromchúiseacha, fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag an scoil freisin aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chur in iúl do na húdaráis chuí.

A thuismitheoir/chaomhnóir dhil,

Maidir le: Foirm Ceada don Idirlíon

Mar chuid de chlár oideachais Ghaelscoil Uí Fhiaich, cuirimid rochtain ar an idirlíon, faoi stiúir, ar fáil do dhaltaí. Tugann seo rochtain do dhaltaí ar réimse mór acmhainní oideachasúla ar líne, a chuirfidh go mór, creidimid, le heispéaras foghlama na ndaltaí.
É sin ráite, tá freagracht ar thaobh an úsáideora agus ar thaobh na scoile ag teastáil maidir le rochtain agus le húsáid an Idirlín. Tá na freagrachtaí seo leagtha amach
I bPolasaí Úsáide Inghlactha na scoile (iniata). Tá sé tábhachtach go léitear an doiciméid iniata go cúramach, go síníonn tuismitheoir nó caomhnóir é, agus go dtugtar ar ais chun na scoile é.
Cé go bhfuil an scoil gníomhach maidir le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, aithníonn sí go bhféadfadh daltaí teacht ar ábhar míchuí nó déistineach de thimpiste nó d’aon ghnó.
Aithníonn an scoil go bhfuil sé de cheart ag gach clann cinneadh a dhéanamh cead a thabhairt dá bpáistí dul ar an Idirlíon nó gan an cead sin a thabhairt, mar atá leagtha síos i bPolasaí Úsáide Inghlactha na scoile.
Nuair atá téarmaí Pholasaí Úsáide Inghlactha na scoile léite agat, b’fhéidir gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar feadh nóiméid, ar an gcaoi a n-úsáidtear an t-Idirlíon i do theach féin, agus féachaint an bhfuil aon bhealach go bhféadfá é a dhéanamh níos sábháilte do do chlann féin.

Sinéad Ní Dhiolúin
Príomhoide

Athbhreithniú déanta i Mí Bealtaine 2020
Sínithe ag Fiona Nic Fhionnlaoich , an Cathairleach



___________________________________________________________

**Foirm Cheada don Idirlíon**

Déan athbhreithniú, le do thoil, ar Pholasaí Úsáide Inghlactha Ghaelscoil Uí Fhiaich, iniata anseo, sínigh an fhoirm cheada seo agus tabhair ar ais chuig an múinteoir ranga é.

Ainm an Dalta: ________________________
Rang: ________________________

**Dalta** (rang 3 go rang 6 amháin)
Aontaím Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile, maidir le húsáid an Idirlín, a leanúint.

Bainfidh mé úsáid as an Idirlíon ar bhealach freagrach, agus cloífidh mé leis na rialacha go léir a míníodh dom ar scoil.

Síniú an Dalta: _____________________ Dáta: ________________________

**Tuismitheoir/Caomhnóir**
Mar thuismitheoir/chaomhnóir dleathach an pháiste thuasluaite, tá Polasaí Úsáide Inghlactha Ghaelscoil Uí Fhiaich léite agam agus tugaim cead do mo mhac nó m'iníon, nó an páiste atá faoi mo chúram, rochtain a bheith acu ar an Idirlíon. Tuigim go bhfuil sé i gceist an tIdirlíon a úsáid ar chúiseanna oideachasúla. Tuigim chomh maith go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta ag an scoil sábháilteacht ar líne a chinntiú, ach nach féidir leis an scoil a bheith freagrach má théann daltaí isteach ar shuíomhanna míchuí.

| | |
|---|---|
| Glacaim leis an alt thuas | Ní ghlacaim leis an alt thuas |

(Cuir tic sa bhosca cuí)

Maidir le suíomh gréasáin na scoile, glacaim leis go bhféadfaí obair bhaile mo pháiste a roghnú le cur ar an suíomh gréasáin, má cheapann an scoil go bhfuil sé oiriúnach. Tuigim agus glacaim le téarmaí Pholasaí Úsáide Inghlactha na scoile maidir le hobair pháistí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.

| | |
|---|---|
| Glacaim leis an alt thuas | Ní ghlacaim leis an alt thuas |

(Cuir tic sa bhosca cuí)

Síniú: ______________________________ Dáta: ____________________

# Leagan Béarla/ English Version

# Acceptable Use Policy for the Internet

## Aim

The aim of this Acceptable Use Policy is to ensure that the pupils of Gaelscoil Uí Fhiaich will benefit from learning opportunities offered by the school's Internet resources in a safe and effective manner. Internet use and access is considered a school resource and privilege. Therefore, if the school AUP is not adhered to this privilege will be withdrawn and appropriate sanctions - as outlined in the AUP- will be imposed.

It is envisaged that school and parent representatives will revise the AUP annually. Before signing, the AUP should be read carefully to ensure that the conditions of use are accepted and understood.

### School's Strategy

Gaelscoil Uí Fhiaich employs a number of strategies in order to maximise learning opportunities and reduce risks associated with the Internet. These strategies are as follows:
General
Internet sessions will always be supervised by a teacher.

- Filtering software and/or equivalent systems will be used in order to minimise the risk of exposure to inappropriate material.
- The school will regularly monitor pupils Internet usage.
- Students and teachers will be provided with training in the area of Internet safety.
- Uploading and downloading of non-approved software will not be permitted.
- Virus protection software will be used and updated on a regular basis.
- The use of personal memory sticks, CD-ROMs, or other digital storage media in school requires approval from the ICT co-ordinator and principal.
- Substitute teachers and all visiting teachers/instructors will also need to check with the above staff member to see if any external memory devices may be used.
- Students will treat others with respect at all times and will not undertake any actions that may bring the school into disrepute.

## World Wide Web

- Students will not intentionally visit Internet sites that contain obscene, illegal, hateful or otherwise objectionable materials.
- Students will report accidental accessing of inappropriate materials in accordance with school procedures.
- Students will use the Internet for educational purposes only.
- Students will not copy information into assignments and fail to acknowledge the source (plagiarism and copyright infringement).
- Students will never disclose or publicise personal information.
- Downloading materials or images not relevant to their studies, is in direct breach of the school's acceptable use policy.
- Students will be aware that any usage, including distributing or receiving information, school-related or personal, may be monitored for unusual activity, security and/or network management reasons.

## Email

- Students will use approved class email accounts under supervision by or permission from a teacher.
- Students will not send or receive any material that is illegal, obscene, defamatory or that is intended to annoy or intimidate another person.
- Students will not reveal their own or other people's personal details, such as addresses or telephone numbers or pictures.
- Students will never arrange a face-to-face meeting with someone they only know through emails or the internet.
- Students will note that sending and receiving email attachments is subject to permission from their teacher.

## Internet Chat

- Students will only have access to chat rooms, discussion forums, messaging or other electronic communication fora that have been approved by the school.
- Chat rooms, discussion forums and other electronic communication fora will only be used for educational purposes and will always be supervised.
- Usernames will be used to avoid disclosure of identity.

## School Website

- upils will be given the opportunity to publish projects, artwork or school work on the World Wide Web in accordance with clear policies and approval processes regarding the content that can be loaded to the school's website at www.gaelscoiluifhiaich.ie
- The website will be regularly checked to ensure that there is no content that compromises the safety of pupils or staff.

- Website using facilities such as guest books, notice boards or weblogs will be checked frequently to ensure that they do not contain personal details
- The publication of student work will be co-ordinated by a teacher.
- Pupils' work will appear in an educational context on Web pages with a copyright notice prohibiting the copying of such work without express written permission.
- The school will endeavour to use digital photographs, audio or video clips of focusing on group activities. Content focusing on individual students will not be published on the school website without the parental permission. Photographs, audio and video clips will. Video clips may be password protected.
- Personal pupil information including home address and contact details will be omitted from school web pages.
- The school website will avoid publishing the first name and last name of individuals in a photograph.
- The school will ensure that the image files are appropriately named–will not use pupils' names in image file names or ALT tags if published on the web.
- Pupils will continue to own the copyright on any work published.

## Legislation

The school will provide information on the following legislation relating to use of the Internet which teachers, students and parents should familiarise themselves with:

- Data Protection (Amendment) Act 2003
- Child Trafficking and Pornography Act 1998
- Interception Act 1993
- Video Recordings Act 1989
- The Data Protection Act 1988

## Twitter

Tracey Ní Chearáin and Deirdre Ní Ghallchóir are the designated administrators for our school Twitter account. @guifhiaich.
All mainstream class teachers may hold a class Twitteraccount in Gaelscoil Uí Fhiaich.
It is important to note that the Twitter forum is not to be used as a platform to contact the school - the school email oifig@gaelscoiuifhiaich.ie should be used as the online method to contact he school.

- The purpose of having a school Twitter account is to provide;
- Communication with parents regarding specific events & activities
- Communication with new or prospective parents
- Communication with wider audience regarding positive advertisement of school & enrolment dates
- Communication with wider audience of school life via possible communication tours, sports events -photos of pupil's projects, notice boards, artwork etc.
- Communication of school news
- Continued advancement of our school communication system with information shared via paper notes, email, website & now social media

- Sharing, communicating and linking with other schools in Ireland and Worldwide.

## Video Conferencing

- Video conferencing is a learning environment and teaching method subject to the same rules of behaviour which govern the classroom and school.
- It is the teacher that is wholly and solely in control of all aspects of the video meeting, including starting the meeting, ending the meeting and any chat function it may have.
- A video conferencing platform that allows the teacher to mute participants, turn off their video feed and to disable any chat function will be used.
- A video conferencing platform with a ‘Waiting Room’ and Password function will be used.
- Passwords will be shared with parents only.
- By participating in video conferencing, parents and students agree to the terms set out in the school’s Acceptable Use Policy for the Internet.
- Parents are responsible for their child while the child is using the internet as a tool for distance learning.
- Parents / Students are forbidden to record online classes.

## Online Learning Platforms

- Online Learning Platforms are learning environments and method subject to the same rules of behaviour which govern the classroom and school.
- It is the teacher that is wholly and solely in control of all aspects of the Online Learning Platforms.
- The teacher will use the functions of the Online Learning Platform they deem appropriate and will disable others.
- By using an Online Learning Environment, parents and students agree to the terms set out in the school’s Acceptable Use Policy for the Internet.

## Support Structures

- The school will inform students and parents of key support structures and organisations that deal with illegal material or harmful use of the Internet.

## Sanctions

- Misuse of the Internet may result in disciplinary action, including written warnings, withdrawal of access privileges and, in extreme cases, suspension or expulsion.
- The school also reserves the right to report any illegal activities to the appropriate authorities.

**Re: Internet Permission Form**

Dear Parent/Guardian,
As part of Gaelscoil Uí Fhiaich's education programme we offer pupils supervised access to the Internet. This allows students' access to a large array of online educational resources that we believe can greatly enhance students' learning experience.

However, access to and use of the Internet requires responsibility on the part of the user and the school. These responsibilities are outlined in the school's Acceptable Use Policy (enclosed). It is important that this enclosed document is read carefully, signed by a parent or guardian and returned to the school.

Although the school takes active steps to promote safe use of the Internet, it recognises the possibility that students may accidentally or deliberately access inappropriate or objectionable material. The school respects each family's right to decide whether or not to allow their children access to the Internet as defined by the school's Acceptable Use Policy.

Having read the terms of our school's Acceptable Use Policy, you may like to take a moment to consider how the Internet is used in your own home, and see if there is any way you could make it safer for your own family.

Is mise le meas,

Sinéad Ní Dhiolúin
Príomhoide

Athbhreithniú déanta i Mí Bealtaine 2020
Sínithe ag Fiona Nic Fhionnlaoich, Chairperson



**Foirm Cheada don Idirlíon/** Internet Permission Form

**Déan athbhreithniú, le do thoil, ar Pholasaí Úsáide Inghlactha Ghaelscoil Uí Fhiaich, iniata anseo.Sínigh an fhoirm cheada seo agus tabhair ar ais chuig an múinteoir ranga é.**

Please review the attached Gaelscoil Uí Fhiaich's Internet Acceptable Use Policy.
Sign and return this permission form to the class teacher.

**Ainm an Dalta**/Name of Pupil: ______________________
**Rang** /Class ______________________

**Dalta**/ Pupil (Rang 3 go 6 amháin)

**Aontaím Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile, maidir le húsáid an Idirlín, a leanúint. Bainfidh mé úsáid as an Idirlíon ar bhealach freagrach, agus cloífidh mé leis na rialacha go léir a míníodh dom ar scoil.**

I agree to follow the school's Acceptable Use Policy on the use of the Internet. I will use the Internet in a responsible way and obey all the rules explained to me by the school.
**Síniú an Dalta**/ Pupil's Signature: ____________________ **Dáta**/ Date:__________

Tuismitheoir/ Caomhnóir/ Parent/Guardian
**Mar thuismitheoir/chaomhnóir dleathach an pháiste thuasluaite, tá Polasaí Úsáide Inghlactha Ghaelscoil Uí Fhiaich léite agam agus tugaim cead do mo mhac nó m'iníon, nó an páiste atá faoi mo chúram, rochtain a bheith acu ar an Idirlíon. Tuigim go bhfuil sé i gceist an tIdirlíon a úsáid ar chúiseanna oideachasúla. Tuigim chomh maith go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta ag an scoil sábháilteacht ar líne a chinntiú, ach nach féidir leis an scoil a bheith freagrach má théann daltaí isteach ar shuíomhanna míchuí.**

As the parent or legal guardian of the above pupil, I have read the Acceptable Use Policy of Gaelscoil Uí Fhiaich and grant permission for my son or daughter or the child in my care to access the Internet. I understand that Internet access is intended for educational purposes. I also understand that every reasonable precaution has been taken by the school to provide for online safety but the school cannot be held responsible if pupils access unsuitable websites.

| | |
|---|---|
| **Glacaim leis an alt thuas**<br>I accept the above paragraph | **Ní ghlacaim leis an alt thuas**<br>I do not accept the above paragraph |

(**Cuir tic sa bhosca cuí**/ Tick the appropriate box)

**Maidir le suíomh gréasáin na scoile, glacaim leis go bhféadfaí obair bhaile mo pháiste a roghnú le cur ar an suíomh gréasáin, má cheapann an scoil go bhfuil sé oiriúnach. Tuigim agus glacaim le téarmaí Pholasaí Úsáide Inghlactha na scoile maidir le hobair pháistí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.**
In relation to the school website, I accept that, if the school considers it appropriate, my child's schoolwork may be chosen for inclusion on the website. I understand and accept the terms of the Acceptable Use Policy relating to publishing children's work on the school website

| | |
|---|---|
| **Glacaim leis an alt thuas**<br>I accept the above paragraph | **Ní ghlacaim leis an alt thuas**<br>I do not accept the above paragraph |

(**Cuir tic sa bhosca cuí**/ Tick the appropriate box)

**Síniú**/ Signature: ______________________________ **Dáta**/ Date: ______________